Bord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí
Kerry Education and Training Board

# Ráiteas Straitéise 2023–2027

## Ag Tógáil Do Thodhchaí



Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

Có-mhaoinithe ag an Aontas Eorpach
Co-funded by the European Union


Barr Feabhais i Seirbhísí Breisoideachais agus Oiliúna
Cultúr Eagraíochta atá Láidir, Ionchuimsitheach agus Measúil
Deiseanna do Shineirgí Eagraíochta Níos Fearr
Ceannródaí na Seirbhísí Breisoideachais agus Oiliúna
Cumarsáid, Feasacht Branda agus Comhthuiscint ar BOO Chiarraí



Fáilte chuig BOO Chiarraí, an t-údarás oideachais agus oiliúna stáit do Chontae Chiarraí.


HALLA SPÓIRT

# CLÁR ÁBHAIR


| | |
|---|---|
| Achoimre Fheidhmeach | 2 |
| Réamhrá Chathaoirleach BOO Chiarraí | 6 |
| Réamhrá an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin | 8 |
| BOO Chiarraí: Ár bPobal | 10 |
| Próiseas Forbartha Straitéisí | 18 |
| Ár gCreat Straitéiseach | 28 |
| Cur chun Feidhme agus Monatóireacht | 34 |

| | | |
|---|---|---|
| **Aguisín I**: | Comhaltaí Boird agus Feidhmiúcháin | 37 |
| **Aguisín II**: | Fochoistí Boird | 38 |
| **Aguisín III**: | Gluais na dTéarmaí: | 38 |
| **Aguisín IV**: | Spriocanna na hEarnála Poiblí um Ghníomhú ar son na hAeráide 2030 | 39 |
| **Aguisín V**: | Réimsí Freagrachta | 40 |




# Réamhrá Chathaoirleach BOO Chiarraí

I mo cháil mar Chathaoirleach BOO Chiarraí, tá ríméad orm Ráiteas Straitéise 2023-2027 a chur i láthair. De réir Alt 27 den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna (BOO), 2013, is ceanglas reachtúil é ar ár BOO ráiteas straitéise a ghlacadh agus a fhoilsiú gach cúig bliana

Is é Ráiteas Straitéise BOO Chiarraí 2023-2027 an dara straitéis atá curtha le chéile againn, agus tá sé mar aidhm aici cur leis an mbonn daingean leagtha síos ag ár gcéad straitéis agus leis an dul chun cinn atá déanta ó bunaíodh BOO Chiarraí in 2013. Mar BOO, cuirimid béim shuntasach ar nuálaíocht, ar fhadbhreathnaitheacht, ar ghlacadh le hathrú, agus ar a chinntiú go bhfaigheann na daoine a úsáideann ár seirbhísí na heispéiris oideachais agus oiliúna is fearr ó thaobh caighdeáin de.

Is seirbhís phoiblí riachtanach i gContae Chiarraí é Bord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí, ina bhfuil 1,300 ball foirne ag cur seirbhísí ar fáil ar fud an chontae. In 2022, bhí thart ar 2,900 dalta ar an rolla inár mbunscoileanna agus inár n-iar-bhunscoileanna. Ina theannta sin, chláraigh thart ar 14,000 tairbhí[1] le haghaidh breisoideachais agus oiliúna in 2022. Tá scoileanna agus ionaid againn i mbeagnach gach ceantar sa chontae, rud a chuireann le bonneagar oideachais agus oiliúna ar fud an chontae. Tá ról BOO Chiarraí maidir le seirbhísí oideachais agus oiliúna a sholáthar do phobail áitiúla ar fud an bhonneagair seo riachtanach chun tacú le forbairt leanúnach shóisialta agus eacnamaíoch an chontae. Tugann an straitéis seo go leor deiseanna dúinn an bonneagar seo a neartú, a leathnú agus a fhorbairt tuilleadh.

Leagtar amach i Ráiteas Straitéise 2023-2027 cuspóirí straitéiseacha uaillmhianacha do na cúig bliana amach romhainn chun BOO Chiarraí a bhunú mar cheannródaí ó thaobh oideachas agus oiliúint a sholáthar. Chun an sprioc seo a bhaint amach, díreoimid ar eispéireas an fhoghlaimeora a fheabhsú trí thús áite a thabhairt do sheirbhís atá ar ardchaighdeán a sholáthar agus tacaíocht a thabhairt don tseirbhís sin, rud a dhéanfaidh ár gcomhtháthú eagraíochta a threisiú agus ár gcumarsáid leis an bpobal a fheabhsú. Beidh cultúr ionchuimsitheach measúil ina bhunchloch againn chun an straitéis seo a chur i bhfeidhm.

Déanfar athbhreithniú agus measúnú bliantúil ar chur i bhfeidhm na straitéise, agus déanfar gach tuarascáil, plean seirbhíse agus tuarascáil bhliantúil doiciméadú ar an dul chun cinn a dhéanfar i ngach réimse straitéiseach. Treiseoidh cur i bhfeidhm na straitéise seo ról BOO Chiarraí mar cheannródaí i soláthar oideachais agus oiliúna, ag uasmhéadú deiseanna oideachais agus oiliúna do dhaoine, idir óg agus aosta, ar fud an chontae.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le gach aon duine a raibh baint acu leis an straitéis seo a fhorbairt agus a fhoilsiú. Táim ag súil le dul i mbun oibre le Comhaltaí Boird, leis an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin, leis na Stiúrthóirí, leis an ardbhainistíocht agus leis an bhfoireann go léir chun an straitéis seo a chur i bhfeidhm go héifeachtach, agus saol ár ndaltaí/bhfoghlaimeoirí ar fud Chiarraí a fheabhsú.

**An Comhairleoir Jim Finucane**
**An Cathaoirleach**

[1] Tagraíonn tairbhithe do líon iomlán na n-áiteanna ar glacadh leo sa bhliain. Leis an bhfigiúr a ríomh, déantar líon na ndaoine a bhí cláraithe ar an 1 Eanáir a shuimiú le chéile le gach duine eile a chláraigh le himeacht na bliana.



"Beidh cultúr cuimsitheach, measúil mar bhunchloch do chur i bhfeidhm rathúil an straitéis seo."

# Réamhrá an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin

Tá áthas an domhain orm Ráiteas Straitéise BOO Chiarraí 2023-2027, ina leagtar amach an treochlár d'fhorbairt leanúnach ár n-eagraíochta sna cúig bliana amach romhainn, a chur i láthair an phobail..

Agus an straitéis seo á forbairt againn, rinneamar iarracht próiseas "ón todhchaí siar" a leanúint, rud a bhí difriúil ón gcur chuige traidisiúnta "an lá atá inniu ann ar aghaidh" a leanadh le haghaidh an ráitis straitéise roimhe seo. Go bunúsach, tá an próiseas "ón todhchaí siar" dírithe ar aghaidh a thabhairt ar fhís chomhroinnte maidir le suíomh na heagraíochta in 2027 agus na cuspóirí straitéiseacha a shainaithint ar gá tosaíocht a thabhairt dóibh sna cúig bliana amach romhainn chun an fhís chomhroinnte seo a bhaint amach.

Léirigh eispéiris ó bhlianta beaga anuas agus imeachtaí urghnácha domhanda, amhail paindéim COVID-19, an gá atá leis an bpleanáil straitéiseach go léir a dhéantar a bheith solúbtha agus freagrúil, agus í ag díriú go géar ar threo straitéiseach a choinneáil ag an am céanna. Agus ár straitéis á forbairt, táimid ag cur béim shuntasach ar sholúbthacht, freagrúlacht agus réamhghníomhaíocht BOO Chiarraí a fheabhsú.

Bunaíodh na BOOanna ar an 1 Iúil 2013, agus comhtháthaíodh an fheidhm oiliúna leo ina dhiaidh sin ar an 1 Eanáir 2014. Lena leithéid d'athchóiriú earnála, thuigeamar go mbeadh idirthréimhse i gceist agus go dtiocfadh tréimhse chlaochlaithe ina dhiaidh sin. Glacadh an cur chuige "an lá atá inniu ann ar aghaidh" agus Ráiteas Straitéise BOO Chiarraí 2018-2022 á fhorbairt, agus is cur chuige é atá bunaithe go príomha ar na hathchóirithe seo a chomhdhlúthú. Tá an straitéis nua seo dírithe go mór ar an gclaochlú a theastaíonn uainn a bhaint amach faoi 2027.

Tá riachtanais an chlaochlaithe mar bhonn agus taca ag na cúig spriocr a leagtar amach sa straitéis, agus cé gur féidir iad a bhaint amach, seans go mbeidh sé dúshlánach go leor mar gheall ar chineál an athraithe féin. Ní féidir gannmheas a dhéanamh ar an tábhacht a bhaineann leis an eagraíocht a shuíomh mar sholáthraí nuálach seirbhísí oideachais agus oiliúna a fhreastalaíonn ar riachtanais daltaí/foghlaimeoirí amach anseo. Mar eagraíocht, ní mór dúinn a bheith nuálach agus fuinniúil i gcónaí maidir le deimhin a dhéanamh go dtiocfaidh forbairt agus oiriúnú ar ár seirbhísí bunscoile, seirbhísí iar-bhunscoile, seirbhísí breisoideachais agus oiliúna, agus seirbhísí tacaíochta corparáideacha chun freastal iomchuí a dhéanamh ar riachtanais ár bpáirtithe leasmhara.

Agus an straitéis seo á forbairt, rinneadh comhairliúchán fairsing le hionchur ó Bhord agus fochoistí an BOO, ó stiúrthóirí, ón ardbhainistíocht, ón bhfoireann, ó dhaltaí/foghlaimeoirí, ó thuismitheoirí agus ó pháirtithe leasmhara eile. Gabhaim buíochas le gach duine a bhí páirteach sa phróiseas as an méid oibre a rinne siad, agus trí leanúint ar aghaidh ag obair le chéile, táim muiníneach gur féidir linn ár bhfís chomhroinnte maidir le seasamh BOO Chiarraí in 2027 a bhaint amach.

**Colm Mac Gíolla Bhuí**
**Príomhoifigeach Feidhmiúcháin**



"Mar eagraíocht, ní mór dúinn a bheith nuálach agus fuinniúil i gcónaí maidir le deimhin a dhéanamh go dtiocfaidh forbairt agus oiriúnú ar ár seirbhísí bunscoile, seirbhísí iar-bhunscoile, seirbhísíbreisoideachais agus oiliúna, agus seirbhísí tacaíochta corparáideacha chun freastal iomchuí a dhéanamh ar riachtanais ár bpáirtithe leasmhara."

# BOO Chiarraí: Ár bPobal

## Próifíl BOO Chiarraí

Bunaíodh BOO Chiarraí ar an 1 Iúil 2013, i gcomhréir leis an Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013. De réir an Achta seo, díscaoileadh na coistí gairmoideachais ar fud na hÉireann, agus aistríodh gach soláthar seirbhíse chuig na 16 Bhord Oideachais agus Oiliúna nuabhunaithe. Ar an 1 Eanáir 2014, rinneadh an fheidhm oiliúna, arna cur ar fáil ag FÁS roimhe seo, a chomhtháthú le BOO Chiarraí.

Is é bunchuspóir BOO Chiarraí sochaí foghlama ar feadh an tsaoil a fhorbairt agus a chur chun cinn i gCiarraí ionas go mbeidh rochtain ag gach duine a chónaíonn anseo ar oideachas agus ar oiliúint.


Cuireann BOO Chiarraí an réimse iomlán seirbhísí oideachais agus oiliúna ar fáil d'fhoghlaimeoirí, idir óg agus aosta. Cuirtear ár seirbhísí fadréimseacha ar fáil ar fud an chontae agus áirítear na seirbhísí a leanas leo:

- Bunscolaíocht (pobalscoileanna náisiúnta)
- Iar-bhunscolaíocht (meánleibhéil)
- Ógtheagmháil
- Breisoideachas agus Oiliúint
- Lasmuigh, spóirt agus fóillíocht
- Tacaíocht d'Fhoghlaimeoirí
- Teagascóir Fhoireann Oideachais agus Teanga Réigiúnach (REALT)
- An Óige
- Cruthaitheacht agus ceol
- An Ghaeilge
- Tacaíochtaí corparáideacha


Glacann BOO Chiarraí cur chuige ilghnéitheach agus oibríonn sé leis an Roinn Oideachais, Breisoideachais agus Oiliúna, Nuálaíochta agus Eolaíochta; leis an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige; agus le SOLAS (an ghníomhaireacht stáit um breisoideachas agus oiliúint) chun ár seirbhís a sholáthar. Chomh maith leis sin, oibrímid le páirtithe leasmhara áitiúla eile ar fud na hearnála pobail, na hearnála deonaí, na hearnála gnó, na hearnála tionsclaíochta, na hearnála tráchtála agus earnáil an oideachais. Soláthraímid seirbhísí don phobal, ag soláthar na seirbhísí go léir ar an leibhéal áitiúil chun freastal ar éilimh áitiúla.

Is seirbhís phoiblí riachtanach i gCiarraí é BOO Chiarraí, ina bhfuil thart ar ar 670 ball foirne páirtaimseartha agus 590 ball foirne lánaimseartha ag soláthar seirbhísí ar fud an chontae. I 2022, bhí thart ar 2,900 dalta cláraithe inár mbunscoileanna agus iar-bhunscoileanna. Chomh maith le sin, i 2022 chláraigh thart ar 14,000 tairbhí[2] inár cláir breisoideachais agus oiliúna.

Tá stádas carthanachta ainmnithe ag BOO Chiarraí freisin (uimhir charthanais chláraithe: 20083243).




[2] Tagraíonn tairbhithe do líon iomlán na n-áiteanna ar glacadh leo sa bhliain. Leis an bhfigiúr a ríomh, déantar líon na ndaoine a bhí cláraithe ar an 1 Eanáir a shuimiú le chéile le gach duine eile a chláraigh le himeacht na bliana.




## Ár bhfís

Is í an fhís chomhroinnte atá againn ná go mbeidh BOO Chiarraí ina cheannródaí nuálach ó thaobh dearadh agus soláthar a dhéanamh ar dheiseanna oideachais agus oiliúna atá ar cháilíocht dhearbhaithe agus a sheachadtar ar bhealach inbhuanaithe i gCiarraí.

## Ár mBunchuspóir

Ar mhaithe lenar bhfís a bhaint amach, leanfaidh BOO Chiarraí d'fhorbairt shochaí foghlama ar feadh an tsaoil agus ar fud an tsaoil[3] a chur chun cinn i gCiarraí ionas go mbeidh an rochtain chéanna ag cách ar dheiseanna oideachais agus oiliúna.

Faoin straitéis seo, níl athrú ar bith tagtha ar an mbunchuspóir lárnach a bhí againn roimhe seo; mar sin féin, tá béim níos láidre á cur ar oibriú i ndlúthchomhar lenár bpáirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha, le grúpaí imeallaithe go háirithe.

## Ár Luachanna

Beidh ár mbunluachanna, **Ionchuimsiú**, **Meas**, **Comhionannas**, **Cáilíocht** agus **Barr Feabhais san Fhoghlaim**, mar bhonn agus taca ag ár ngníomhartha agus iompar, agus obair á déanamh againn chun ár mbunchuspóir agus fís a bhaint amach thar théarma na straitéise seo. Tá na luachanna seo bunaithe ar an tuairim gur cheart go mbeadh sé de cheart ag gach aon duine rochtain a fháil ar dheiseanna oideachais agus oiliúna chun cabhrú leo lán a n-acmhainneachta a bhaint amach agus freastal a dhéanamh ar a riachtanais phearsanta, shóisialta, shibhialta, chultúrtha agus eacnamaíocha.

Táimid tiomanta do na luachanna sin a chur i bhfeidhm go gníomhach trínár ngníomhartha agus iompar, agus monatóireacht leanúnach a dhéanamh ar éifeachtacht an chur chun feidhme seo.

[3] Cuimsíonn foghlaim ar fud an tsaoil gach cineál foghlama agus forbartha pearsanta – foghlaim agus forbairt i dtimpeallachtaí foirmiúla oideachais atá dírithe nó féinbhainistithe, agus foghlaim agus forbairt i suíomhanna neamhfhoirmiúla (neamhoideachasúla).




## Ionchuimsiú

**An bhrí atá leis:**
Is éard atá i gceist le hionchuimsiú ná infheictheacht, guth agus gaolmhaireacht. Baineann sé le héagsúlacht a aithint agus a cheiliúradh, agus a bheith feasach ar riachtanais éagsúla agus freagrúil dóibh.

**Tabharfar tús áite do:**
Conairí inrochtana a chruthú agus braistint chómhuintearais a chinntiú ár bpáirtithe leasmhara.

**Mar a dhéanfaimid:**
Cruthóimid spásanna le haghaidh idirphlé leis na páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha go léir, agus beidh éisteacht agus cur i gcoinne na claontachta go gníomhach ina gcuid den idirphlé seo.

Aithneoimid agus léireoimid meas ar an méid a chuireann éagsúlacht iomlán ár bhfoghlaimeoirí, ár bhfoirne agus ár bpáirtithe leasmhara seachtracha leis an eagraíocht..

## Meas

**An bhrí atá leis:**
Is éard atá i gceist le meas ná comhbhá, cúram agus tuiscint. Baineann sé le héisteacht, a bheith cothrom agus neamhchlaonta.

**Tabharfar tús áite do:**
Cultúr measa a chothú ar fud na heagraíochta, ag cinntiú gur féidir lenár bhfoghlaimeoirí agus lenár bhfoireann dul i mbun foghlama agus i mbun oibre de réir lán a n-acmhainneachta.

**Mar a dhéanfaimid:**
Coinneoimid timpeallacht foghlama agus timpeallacht áite oibre ina gcaitear le dínit agus go cothrom le daoine, agus ina léirítear meas ar a gcearta.

Spreagfaimid agus tacóimid le caidrimh agus idirghníomhaíochtaí dearfacha a sheasann le dínit ár bhfoghlaimeoirí agus ár bhfoirne.

## Comhionannas

**An bhrí atá leis:**
Is éard atá i gceist le comhionannas ná rochtain agus torthaí a chinntiú do chách. Baineann sé le cothroime, ionchuimsiú, agus deiseanna a chur ar fáil.

**Tabharfar tús áite do:**
Tús áite a thabhairt do leas a bhaint as ár n-acmhainní bunaithe ar riachtanas, ionas gur féidir lenár bhfoghlaimeoirí agus lenár bhfoireann dul i mbun foghlama agus i mbun oibre de réir lán a n-acmhainneachta.

**Mar a dhéanfaimid:**
Cinnteoimid comhthuiscint eagraíochta ar Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine agus tiomantas dá chur i bhfeidhm.

Tabharfaimid tacaíocht dá chéile agus cinnteoimid gur féidir le foghlaimeoirí agus baill foirne cur lenár n-uaillmhianta maidir le comhionannas a bhaint amach.

## Cáilíocht

**An bhrí atá leis:**
Is éard atá i gceist le cáilíocht ná feabhsú leanúnach. Baineann sé le hionracas, nuálaíocht agus freagrúlacht.

**Tabharfar tús áite do:**
Na caighdeáin is airde seachadta agus oibríochta a bhaint amach ar fud ár seirbhísí oideachais agus oiliúna.

**Mar a dhéanfaimid:**
Bainfimid leas as spriocanna intomhaiste, réalaíocha agus fianaise-bhunaithe chun freagairt do riachtanais ár bpáirtithe leasmhara.

Beimid réamhghníomhach agus solúbtha inár gcuid oibre, trí smaointe nua a ghlacadh agus ceannaireacht oiriúnaitheach a chinntiú ar fud ár seirbhísí go léir.

## Barr Feabhais san Fhoghlaim

**An bhrí atá leis:**
Is éard atá i gceist le barr feabhais san fhoghlaim ná oideachas iomlánaíoch foghlaimeoirlárnach. Baineann nuálaíocht, cruthaitheacht agus athmhachnamh leis.

**Tabharfar tús áite do:**
Timpeallacht foghlama oiliúnach agus réamhghníomhach a chothabháil, a thacaíonn lenár bhfoghlaimeoirí agus lenár bhfoireann freastal a dhéanamh ar riachtanais reatha agus ar riachtanais amach anseo.

**Mar a dhéanfaimid:**
Coinneoimid timpeallacht foghlama mheasúil ionchuimsitheach ina spreagtar agus ina gcumasaítear nuálaíocht, cruthaitheacht agus feabhsú leanúnach.

Beimid páirteach i gcleachtas athmhachnamhach agus geallfaimid a bheith measúil, freagrúil agus gairmiúil ar fud ár seirbhísí.

## Struchtúir Eagrúcháin

Is é an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin atá freagrach as bainistíocht feidhmiúcháin na heagraíochta agus tá tacaíocht á fháil sa ról seo ag an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin ó thriúr stiúrthóirí, eadhon:

- Stiúrthóir na Scoileanna, na hÓige agus an Cheoil
- Stiúrthóir Breisoideachais agus Oiliúna
- Stiúrthóir Tacaíochta agus Forbartha Eagraíochta

Léiríonn na trí ról stiúrthóra seo na trí cholún soláthair seirbhísí, agus tá údarás sannta go foirmiúil do gach aon duine de na stiúrthóirí, de réir Alt 16 den Acht um Bhoird Oideachais agus Oiliúna, 2013. Léirítear sa chairt seo a leanas struchtúr ardleibhéil eagraíochta BOO Chiarraí i 2023:

**An Bord**

**Príomhoifigeach Feidhmiúcháin**

| Stiúrthóir Scoileanna na hÓige agus An Cheoil | Stiúrthóir Breisoideachais agus Oiliúna | Stiúrthóir Tacaíochta agus Forbartha Eagraíochta |
|---|---|---|
| Oideachas ardleibheil bunscoile agus iar-bhunscoile a chur ar fáil | Foráil Breisoideachais agus Oiliúna ar ardchaighdeán agus atá freagrúil a chur ar fail | Ceannaireacht a ghlacadh ar fheidhm riaracháin na heagraíochta |
| Seirbhísí óige agus cruthaitheacha a rialú agus a bhainistiú | Breisoideachas agus oiliúint a rialú agus a bhainistiú | Seirbhísí tachaíochta BOOna a rialú agus a bhainistiú |
| Pleanáil don fhórsa saothair agus bainistiú feidhmíochta | Pleanáil don fhórsa saothair agus bainistiú feidhmíochta i mBreisoideachas agus Oiliúint | Pleanáil don fhórsa saothair agus bainistiú feidhmíochta |
| Bainistiú Crainn Taca SÓC a chomhordú | Bainistiú Crainn Taca an Breisoideachais agus Oiliúna a chomhordú | Bainistiú Crainn Taca TFE a chomhordú |



## Príomhghnóthachtálacha ó 2018-2022

Tá dul chun cinn suntasach déanta ó 2018 i leith maidir leis na spriocanna straitéiseacha agus na cuspóirí gaolmhara a leagtar amach i gcéad ráiteas straitéise BOO Chiarraí a chur i bhfeidhm. Leis an straitéis sin, cuireadh tús le céim an 'chlaochlaithe', nuair a d'oibrigh páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha le chéile, den chéad uair riamh, chun plean straitéiseach a leagan amach do na cúig bliana amach romhainn.

Seo a leanas cuid dár bpríomhghnólachtálacha le cúig bliana anuas (níl an liosta seo uileghabhálach):

- Aistríodh dhá scoil náisiúnta phobail nua, Scoil an Ghleanna agus Scoil Tathuile, faoi phátrúnacht BOO Chiarraí
- Bunaíodh Coláiste Breisoideachais agus Oiliúna Chiarraí (Coláiste Chiarraí), an chéad Choláiste Breisoideachais agus Oiliúna comhtháite in Éirinn
- Sheolamar an chéad Straitéis Inbhuanaitheachta (2020-2022) agus an dara Straitéis TFC (2019-2022) dár gcuid
- Ceannaíodh Campas Lios Tuathail, campas nua neamhspleách de chuid Choláiste Chiarraí, le tacaíocht ó SOLAS agus ón dá Roinn
- Cuireadh roinnt scoileanna nua de chuid na Roinn i gcrích, Gaelcholáiste Chiarraí Nua (inmheánach) agus Scoil Náisiúnta Lios Teilice (seachtrach)
- Rinneadh Bord nua agus thart ar 17 bhfochoiste a ionduchtú i ndiaidh toghcháin áitiúla 2019
- D'aistríomar ár bpárolla chuig Seirbhísí Comhroinnte Párolla Oideachais/Core, agus aistríodh ár gcóras airgeadais chuig SUN
- Seoladh ár suíomh gréasáin nua www.kerryetb.ie
- D'éirigh linn leanúint ar aghaidh le seirbhísí oideachais agus oiliúna a sholáthar le linn phaindéim COVID-19


KERRY COLLEGE
KERRY COLLEGE

# Próiseas Forbartha Straitéisí


## Comhthéacs

I mí an Mhárta 2018, sheol BOO Chiarraí a chéad ráiteas straitéise (2018-2022), a bhí múnlaithe go príomha ag ár dtaithí ó bunaíodh an eagraíocht i mí Iúil 2013. Tá dul chun cinn suntasach déanta ó 2018 i leith maidir leis na spriocanna straitéiseacha agus na cuspóirí gaolmhara a chur i bhfeidhm, rud a chuireann bonn daingean faoi Ráiteas Straitéise 2023-2027.

Mar sin féin, tá difríocht shuntasach idir cur chuige forbartha na straitéise nua seo agus an cur chuige a bhain leis an straitéis roimhe seo; glacadh cur chuige "ón todhchaí siar" in 2022, in áit an chur chuige "an lá atá inniu ann ar aghaidh" a glacadh in 2018.

Is é an dúshlán a bhain leis an straitéis seo a chur le chéile trí leas a bhaint as an gcur chuige "ón todhchaí siar" ná soiléiriú a dhéanamh ar an bhfís agus focail a chur ar an áit ar gá do BOO Chiarraí a bheith in 2027 ó thaobh forbartha agus seachadadh seirbhíse de, rud a bhí riachtanach chun ár bhfís maidir le ráiteas straitéise claochlaitheach a chur i láthair a bhaint amach.

Léiríodh an gá a bhí le straitéis chlaochlaitheach a fhorbairt nuair a bhí an eagraíocht naoi mbliana bliain ar an bhfód agus treisíodh an gá sin i bhfianaise an fháis agus na forbartha suntasaí a bhí tar éis tarlú le linn na bpróiseas athraithe ó 2013 i leith, i.e. aistriú na feidhme oiliúna (1 Eanáir 2014), aistriú chuig na struchtúir reatha agus tréimhse an chlaochlaithe reatha (arna leagan amach sna léaráidí thíos).



Tá forbairt mhór tagtha ar BOO Chiarraí ó 2013 i leith. Mar sin féin, tá ár n-ionchais maidir le fás amach anseo ag teacht leis an bhforbairt a tharla go dtí seo, agus tá ár mbéim lárnach fós ag freastal ar riachtanais na bhfoghlaimeoirí trí eispéireas oideachais agus oiliúna atá dílis, cuimsitheach, tacúil agus ar ardchaighdeán a sholáthar.

Chuir tús na paindéime i mí an Mhárta 2020 béim ar an ngá a bhí leis an straitéis nua seo a leathnú níos faide ná forbairt líneach. Foghlaimíodh ceachtanna le linn na paindéime maidir leis an ngá atá le BOO Chiarraí a bheith in ann athrú ó bhonn a chur i bhfeidhm ó thaobh seachadadh seirbhíse de, agus chuir na ceachtanna sin bonn eolais faoi Ráiteas Straitéise 2023-2027.

Ag dul ar aghaidh trí na céimeanna, leanadh creat rannpháirtíochta a raibh Bord an BOO, fochoistí, foirne ardbhainistíochta, grúpaí foirne, grúpaí foghlaimeoirí, agus tuismitheoirí/caomhnóirí páirteach ann. Rinneadh ábhar na dréachtstraitéise a bheachtú tuilleadh trí chomhairliúcháin phoiblí a reáchtáil le fostóirí, le lucht tionscail, le comhlachtaí reachtúla, agus le grúpaí áitiúla agus pobail, de réir Alt 27 (4) den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013.

Ba riachtanach tacaíocht ó chomhairleoirí agus éascaitheoirí seachtracha chun oibriú go héifeachtach agus go héifeachtúil tríd an bpróiseas seo.

Maidir leis an gcur chuige a glacadh, tugann na céimeanna seo a leanas achoimre ar phríomhchéimeanna na forbartha:

**Céim I**: An túsphointe a ailíniú

**Céim II**: Tuiscint a fháil ar a bhfuil i ndán don BOO agus don earnáil i gcoitinne

**Céim III**: An fhís agus an straitéis a fhorbairt trí chur chuige "ón todhchaí siar" a úsáid

**Céim IV**: Gealltanais a leagan amach maidir le cur chun feidhme agus tomhas





## Ár bhFoireann Ardbhainistíochta 2023

## Creat Rannpháirtíochta

I gcomhréir le hAlt 27 d'Acht BOO 2013, chuaigh BOO Chiarraí i gcomhairle leis na príomhpháirtithe leasmhara a leanas, idir chinn inmheánacha agus sheachtracha leis an eagraíocht.

**2, 3 agus 4 Márta 2022**
Bainistíocht líne

**23 Lúnasa 2022**
Bainistíocht líne

**7 Samhain 2022**
Comhaltaí boird

**29 Samhain 2022**
Athbhreithniú ar Bhunluachanna
Bainistíocht líne

**23 Eanáir 2023**
Seisiún um Idirphlé Straitéiseach
Bainistíocht líne T&FE agus príomhfhoireann

**25 Eanáir 2023**
Seisiún um Idirphlé Straitéiseach
Bainistíocht líne BOaO agus príomhfhoireann

**27 Eanáir 2023**
Seisiún um Idirphlé Straitéiseach
Bainistíocht líne SÓ&C agus príomhfhoireann

**21 Feabhra 2023**
Fóram na dTuismitheoirís

**3 Márta 2023**
Bainistíocht líne

**21 Márta 2023**
Fóram na Scoláirí

**14 agus 21 Feabhra 2023**
Foghlaimeoirí

**21 Márta 2023**
Gach ball foirne

**21 Márta 2023**
Coistí Alt 44
Coiste Alt 45

**19 Aibreán 2023**
Comhlachtaí páirtithe leasmhara seachtracha a dhéanann ionadaíocht ar son gnólachtaí, tionscail agus fostóirí

## Príomhspreagthaí

PRÍOMHSPREAGTHAÍ

01 Timpeallacht Oideachais agus Oiliúna

02 Tosaíochtaí Beartais Náisiúnta Reatha agus Todhchaí

03 Comhthéacs Eorpach agus Domhanda i gcoitinne

04 Gníomhú ar son na hAeráide

05 Dúshláin os comhair BOOnna

06 Inghlacthacht Riosca

## 01 Athruithe sa Timpeallacht Oideachais agus Oiliúna

San oideachas agus oiliúint, an t-aon tairiseach atá ann ná tairiseach an athraithe féin. Cé gur féidir a rá gur ráiteas paradacsúil é seo, tá sé bunaithe ar fhíoras, áfach, agus ní mór do BOO Chiarraí, mar eagraíocht athléimneach, a bheith solúbtha agus inoiriúnaithe i gcónaí mar fhreagairt ar an timpeallacht oibre atá ag síorathrú.

Ag ardleibhéal, cuimsíonn soláthar Boo Chiarraí seirbhísí bunscoile, seirbhísí iar-bhunscoile, seirbhísí breisoideachais agus oiliúna, seirbhísí ceoil agus seirbhísí óige. Tá obair BOO Chiarraí á múnlú agus á spreagadh ar aghaidh i gcónaí ag beartais náisiúnta a chuirtear i bhfeidhm ag an leibhéal áitiúil. Mar eagraíocht, comhoibrímid leis an Roinn Oideachais, leis an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, agus leis an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige. Tar éis an toghcháin áitiúla 2019, bunaíodh an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta mar roinn rialtais nua, agus lean SOLAS ar aghaidh le soláthar Breisoideachais agus Oiliúna a chistiú ar fud na hearnála. Tá comhaontuithe feidhmíochta i bhfeidhm idir BOO Chiarraí leis an Roinn Oideachais agus SOLAS, faoi seach.

Tá méadú ag teacht ar thábhacht seirbhísí óige do BOO Chiarraí de réir mar a fhaomhtar cláir nua lena gcur i bhfeidhm ar fud an chontae[4] Léiríonn an chéad Straitéis Óige de chuid BOO Chiarraí, a sheolfar i Ráithe 3 2023 í, tábhacht an réimse seo. Is príomhchuspóir den phlean é comhtháthú níos fearr a dhéanamh ar "oideachas neamhfhoirmiúil" na seirbhísí óige leis an "oideachas foirmiúil" arna chur

[4] Bunaíodh dhá chlár nua UBU um Obair don Aos Óg i gCiarraí Thuaidh agus i gCiarraí Theas.

ar fáil ag réimse an bhunoideachais, réimse an iar-bhunoideachais, agus réimse an bhreisoideachais agus oiliúna.

## 02 Tosaíochtaí Beartais Náisiúnta Reatha agus Todhchaí

Cuireann na tosaíochtaí beartais náisiúnta atá leagtha amach ag an Roinn Oideachais; an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta; an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige; SOLAS, agus páirtithe leasmhara riachtanacha eile bonn láidir eolais faoi Ráiteas Straitéise 2023-2027. Agus an ráiteas straitéise seo á fhorbairt, áirítear na forbairtí beartais seo a leanas i measc na bpríomhfhorbairtí beartais ar fud réimse iomlán na seirbhísí oideachais agus oiliúna a chuireann an BOO ar fáil:

### Bunoideachas (Scoileanna Náisiúnta Pobail)

Agus sochaí na hÉireann ag éirí níos éagsúla, tá an t-éileamh ar roghanna níos fearr ó thaobh soláthar oideachais trí mhúnla na scoile náisiúnta pobail ag fás i gcónaí. Tá BOO Chiarraí réamhghníomhach agus tuisceanach ar ár bhfreagrachtaí sa réimse seo, agus tá pleananna aige cur go mór le líon na scoileanna náisiúnta pobail ar fud Chontae Chiarraí.

Is deis shuntasach fáis é seo do BOO Chiarraí.

### Iar-Bhunoideachas

Tá athchóiriú curaclaim fós ina phríomhréimse beartais don soláthar iar-bhunscoile. Le blianta beaga anuas, tá athchóiriú na sraithe sóisearaí curtha i bhfeidhm go daingean i scoileanna, agus an bhéim anois ag aistriú i dtreo athchóiriú na sraithe sinsearaí. Téann na ceachtanna a foghlaimíodh le linn na paindéime i bhfeidhm go mór ar luas an athchóirithe seo, go háirithe maidir le fás tapa na hinniúlachta ar chúrsaí teicneolaíochta faisnéise agus na cumarsáide (TFC) i measc na ndaltaí agus an bhéim mhéadaithe atá á cur ar chúrsaí folláine chun tacú le heispéireas iomlánaíoch oideachais ár bhfoghlaimeoirí.

Chomh maith leis sin, tá sé mar aidhm ag na curaclaim athbhreithnithe OSPS (Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte) agus OCG (Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta) tuiscint chuimsitheach a sholáthar d'fhoghlaimeoirí ar fhorbairt phearsanta, ar chaidrimh shláintiúla agus ar chinnteoireacht fhreagrach laistigh de thimpeallacht na scoile, agus daltaí a chumasú ar deireadh chun saol sásúil a bheith acu mar shaoránaigh eolasacha agus fhreagracha.

Agus an straitéis seo á forbairt, ba thábhachtach an rud é do BOO Chiarraí a chinntiú go mbeidh na hacmhainní riachtanacha ag ár gcuid scoileanna don aistear seo i dtreo 2027. Glactar go fonnmhar leis na deiseanna móra atá ann don eagraíocht a bheith ina cheannródaí agus ina nuálaí ó thaobh an tsoláthair iar-bhunscoile.

### Breisoideachas agus Oiliúint

Ba mhór an fhorbairt d'earnáil an Bhreisoideachais agus Oiliúna bunú na Roinne Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta in 2020, go háirithe ó thaobh soláthar Breisoideachais agus Oiliúna de. Cé go bhfuil SOLAS fós ag cistiú agus ag déanamh monatóireachta ar spriocanna feidhmíochta BOOanna i gcomhréir le straitéisí Breisoideachais agus Oiliúna, tá tionchar níos mó á imirt ag an roinn nua ar threoir beartais. Trí struchtúr roinne aonair a chuimsíonn réimsí an bhreisoideachais agus an ardoideachais, cuirtear chun cinn fís chomhtháite don oideachas treasach in Éirinn. Mar aon le béim níos mó ar an gcóras printíseachta a leathnú agus a nua-aoisiú agus ar thacaíochtaí d'fhoghlaimeoirí a athchóiriú, tá móiminteam suntasach ann do chlaochlú agus do dheiseanna méadaithe d'fhoghlaimeoirí.

Bhí BOO Chiarraí réamhghníomhach sna réimsí seo nuair a bunaíodh Coláiste Breisoideachais agus Oiliúna Chiarraí (Coláiste Chiarraí) in 2019, ag comhtháthú an tsoláthair a bhíodh á chur ar fáil ag coláistí Iar-Ardteistiméireachta agus an t-ionad oiliúna roimhe sin. Chun a acmhainn a bhaint amach faoi 2027 i dtéarmaí threoir an bheartais chlaochlaithe seo, ní mór don BOO a bheith sásta i gcónaí glacadh le hathruithe agus cur chuige oiriúnaithe a ghlacadh go luath nuair is féidir agus é i mbun athraithe. Cuireann treoir an bheartais chlaochlaithe ar an leibhéal náisiúnta deiseanna suntasacha ar fáil dár seirbhísí Breisoideachais agus Oiliúna.

## Tacaíocht agus Forbairt Eagraíochta

Mar eagraíocht, braithimid go mór ar an tacaíocht chorparáideach a chuireann na Ranna Tacaíochta agus Forbartha Eagraíochta ar fáil chun seachadadh éifeachtach seirbhíse a chinntiú ar fud cholúin na Scoileanna, na hÓige agus an Cheoil, agus an Bhreisoideachais agus Oiliúna. Le blianta beaga anuas, tá aistriú suntasach tagtha i dtreo samhlacha seirbhísí comhroinnte a ghlacadh le haghaidh párolla agus airgeadais ar fud earnáil an BOO. Is é is aidhm don aistriú seo ná próisis a chuíchóiriú agus éifeachtúlacht a fheabhsú. Baineann buntáistí amhail costais a shábháil, acmhainní a chomhroinnt, agus caighdeánú a dhéanamh le samhail na seirbhísí comhroinnte. Leanann Ranna Tacaíochta agus Forbartha Eagraíochta an BOO áitiúil ag obair in éineacht le seirbhísí comhroinnte, ag cinntiú go gcuirtear tacaíocht, eolas agus saineolas áitiúil riachtanach ar fáil do scoileanna agus d'ionaid laistigh den BOO.

Mar aon le timthriall athchóirithe/athraithe ar bith, tagann próiseas machnaimh nua as maidir le próisis agus cuir chuige oidhreachta chun aghaidh a thabhairt ar réimsí is gá a nua-aoisiú. I gcás BOO Chiarraí, léirítear an smaointeoireacht seo trínár seirbhísí tacaíochta a fhorbairt go straitéiseach chun é a chur ar chumas bhainistíocht na scoile/an ionaid áitiúil díriú ar sheachadadh seirbhíse ardchaighdeáin d'fhoghlaimeoirí a mhéid is féidir.

Ba chéimeanna ríthábhachtacha don eagraíocht iad forbairt na feidhme láraithe soláthair agus ceannaigh, seirbhísí leathnaithe um chaipiteal, foirgnimh agus teicneolaíocht, mar aon leis an tseirbhís chomhroinnte do phárolla agus córas airgeadais nua a chur i bhfeidhm go daingean san eagraíocht. Chun BOO Chiarraí a chur chun tosaigh san earnáil faoi 2027, ní mór dúinn leanúint ar aghaidh ag cur leis na forbairtí seo, ag cinntiú bainistíocht éifeachtach acmhainní, próisis chuíchóirithe, agus réitigh nuálacha a fhreastalaíonn ar riachtanais athraitheacha ár bhfoghlaimeoirí agus an phobail áitiúil.

Is príomhchuspóir straitéiseach agus réimse deise don BOO é beartas a chur chun cinn chun soláthar na seirbhísí tacaíochta seo a chur i ngníomh do scoileanna agus ionaid oideachais agus oiliúna neamh-BOO i gCiarraí, mar a bheartaítear in Alt 22 den Acht um Breisoideachais agus Oiliúna 2013.

## 03 Comhthéacs Eorpach agus Domhanda i gcoitinne

Tá treo foriomlán bheartas oideachais agus oiliúna na hÉireann ailínithe go nádúrtha le beartas na hEorpa, toisc go ndéantar beartas Eorpach a fhorleathadh ar an leibhéal áitiúil trí fhorbairtí/leasuithe ar bheartais an Rialtais, i.e. an treoir bheartais a leagtar síos ag Rialtas na hÉireann.

Tá an t-athchóiriú ina chuid bhunúsach de bheartais reatha agus é ag iarraidh a chinntiú go dtiocfaidh forbairt ar sheirbhísí oideachais agus oiliúna chun freastal ar éilimh an domhain atá ag athrú go tapa ó thaobh digitithe, forbairt eacnamaíoch agus imeachtaí urghnácha domhanda de. Baineann an-tábhacht leis an ngá atá le hathléimneacht, solúbthacht agus inoiriúnaitheacht eagraíochta laistigh de chreat láidir rialachais a chothaíonn comhtháthú níos fearr idir náisiúin na hEorpa.

I gcás BOO Chiarraí, is réimse nádúrtha forbartha é béim níos mó a chur ar shoghluaisteacht Eorpach do dhaltaí/foghlaimeoirí agus don fhoireann. Seans go dtéann sé chun tairbhe eagraíochtaí foghlama blaiseadh a fháil ar chultúir agus córais oideachais agus oiliúna eile.

## 04 Gníomhú ar son na hAeráide

IIs léir anois go bhfuil níos mó i gceist leis an athrú aeráide ná bagairt atá romhainn amach agus gur réaltacht chomhroinnte é dár nglúin go léir. Tá an-mhórán fianaise eolaíoch ann, mar is léir ó líon méadaithe na dteagmhais adhaimsire, truailliú aeir, tuilte, agus leibhéil farraige ag ardú. Mhol an Chomhairle Chomhairleach um Athrú Aeráide go ndéanfaí gníomh pras agus cinntitheach chun daoine agus pobail leochaileacha a chosaint.

In Éirinn, leagtar amach san Acht um Ghníomhú ar son na hAeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú), 2021 an creat dlíthiúil do ghníomhú ar son na haeráide agus ceanglaítear ar chomhlachtaí poiblí pleananna oiriúnaithe earnála agus pleananna maolaithe gás ceaptha teasa a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm. Chomh maith leis an Acht, tá spriocanna soiléire leagtha síos sa Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2021 agus sna pleananna um gníomhú ar son na haeráide ina dhiaidh sin maidir le hastaíochtaí a laghdú agus éifeachtúlacht fuinnimh ar fud na hearnála. Is ionann na spriocanna sin agus laghdú 51% ar astaíochtaí gás ceaptha teasa foriomlána faoi 2030 agus feabhas 50% ar éifeachtúlacht fuinnimh na hearnála poiblí, rud a chuireann ar an mbealach sinn chun astaíochtaí glan-nialasacha a bhaint amach faoi 2050. Leagtar amach i Sainordú na hEarnála Poiblí um Ghníomhú ar son na hAeráide 2022 tacaíocht a thabhairt do chomhlachtaí san earnáil phoiblí a bhfuil dea-shampla léirithe acu maidir le gníomhú ar son na haeráide. Leagtar amach spriocanna an phlean in Aguisín V.

Aithníonn BOO Chiarraí an phráinn a bhaineann le dul i ngleic leis an athrú aeráide chun a éifeachtaí láithreacha a mhaolú agus todhchaí níos gile a chinntiú do na glúnta ina dhiaidh sin. Tar éis Straitéis Inbhuanaitheachta BOO Chiarraí 2020-2022 a fhorbairt, foilseoidh an eagraíocht Straitéis Inbhuanaitheachta nua ar leithligh le haghaidh na mblianta 2023-2025. Tá téama na gcleachtas inbhuanaithe mar bhonn agus taca ag gach sprioc agus cuspóir den Ráiteas Straitéise nua seo 2023-2027.

Sna blianta amach romhainn, tá sé ríthábhachtach go leanfaimid orainn ag comhoibriú lenár mbainistíocht, lenár bhfoireann, lenár daltaí, lenár bhfoghlaimeoirí agus lenár bpáirtithe leasmhara chun na cleachtais inbhuanaithe atá ann cheana a neartú agus cleachtais nuálacha nua a ghlacadh. Le chéile, cuirfidh pobal BOO Chiarraí "leis an ngeilleagar agus leis an tsochaí glas" atá beartaithe i bPlean Gníomhaithe an Rialtais ar son na hAeráide.

## 05 Dúshláin os comhair BOOnna

Maidir leis na dúshláin atá os comhair BOO Chiarraí lena acmhainneacht a bhaint amach do 2027, tagann an méid a leanas chun cinn:

- Struchtúr athbhreithnithe um dhearadh eagraíochtúil a fhorbairt ina léirítear an earnáil BOO atá athraithe agus ag leathnú.
- Mar is léir ón bpaindéim le déanaí, éilítear le himeachtaí urghnácha domhanda aclaíocht eagraíochtúil ardleibhéil agus athléimneacht láidir.
- Comhtháthú a choinneáil de réir mar a leanann BOO Chiarraí ag fás, ag forbairt agus ag oiriúnú do struchtúir roinne agus caidrimh tuairiscithe nua etc., agus béim á leagan ar ilroinnt an tseachadta seirbhíse a sheachaint.

- Teachtaireacht shoiléir a chur in iúl ina leabaítear tuiscint mhaith leis an bpobal ar shaothar BOO Chiarraí.
- Seirbhísí nua oideachais agus oiliúna a dhearadh agus a sheachadadh a chuireann breisluach le BOO Chiarraí agus leis an bpobal áitiúil.
- Aghaidh a thabhairt ar gach gné de Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe.
- A chinntiú go bhfuil BOO Chiarraí ag dul i ngleic go dearfach ar bhonn seasmhach lena thionchar ar an gcomhshaol.
- D'fhéadfadh castacht mhéadaitheach agus srathú caidreamh tuairiscithe srian a chur ar neamhspleáchas agus ar chumas ceannaireachta.


Tá deiseanna d'fhás agus d'fhorbairt leanúnach laistigh de gach ceann de na dúshláin sin.

## 06 Inghlacthacht Riosca

Mar gheall ar chineál ár gcuid oibre, ní mór machnamh ar leibhéal áirithe riosca. Is ionann riosca agus éifeacht na héiginnteachta ar chuspóirí, agus is féidir leis na torthaí a bheith dearfach nó diúltach. Glacann BOO Chiarraí leis go bhfuil gá le hinghlacthacht riosca réasúnaithe agus réasúnta chun ár spriocanna agus cuspóirí straitéiseacha a bhaint amach.

Athraíonn ár n-inghlacthacht riosca ag brath ar an ngníomhaíocht atá á déanamh. Agus riosca á ghlacadh againn, chun spriocanna/cuspóirí a shaothrú, ní mór dúinn a chinntiú go dtuigtear na tairbhí agus na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann agus go nglactar le bearta agus gníomhartha stuama agus go gcuirtear chun feidhme iad.

Tá BOO Chiarraí tiomanta dá chinntiú nach nglacfar aon riosca neamhriachtanach ná do-ghlactha a d'fhéadfadh an eagraíocht nó aon cheann dá páirtithe leasmhara a neamhchosaint nó feidhmíocht straitéiseach fhoriomlán a chur i mbaol. Mar BOO, is mór againn an nuálaíocht agus cur chuige réamhbhreathnaitheach. Dá deasca sin, aithnítear nár cheart go mbeadh cur chuige ró-choimeádach/ródhrogallach roimh riosca chun tosaigh, is í an tsainrogha cur chuige réasúnaithe agus comhréireach a ghlacadh i leith riosca.




#KerryETB

# Ár gcuid Tosaíochtaí agus Spriocanna Straitéiseacha

Nuair ba mhithid an straitéis a dhoiciméadú, i.e. Céim III, d'éirigh linn sé théama bunaithe ar chomhthoil. Baineann ríthábhacht leis na téamaí sin freisin le fís agus misean na straitéise seo a bhaint amach.

Is iad na sé théama riachtanacha iad **Ceannaireacht Oiriúnaitheach**, **Cruthaitheacht**, **Éifeachtúlacht Eacnamaíoch**, **Réamhghníomhacht**, **Rialachas Láidir** agus **Cleachtais Inbhuanaithe**. Is iad na téamaí sin colúin bhunúsacha ár straitéise, lena dtugtar treoraíocht straitéiseach d'aon ghnó dár gcomhaltaí boird, dár mbaill foirne agus dár bpáirtithe leasmhara sna cúig bliana amach romhainn. Trí chloí leis na téamaí sin, is féidir linn tacú go héifeachtach le cur chun feidhme ár ráitis straitéisigh agus oibriú go comhtháite i dtreo ár spriocanna.

**CEANNAIREACHT OIRIÚNAITHEACH**
Cur chuige eolasach, réamhghníomhach i leith na ceannaireachta seachas cur chuige frithghníomhach

**AN CHRUTHAITHEACHT**
Smaointe bunaidh, airgtheacha a spreagadh go hinmheánach agus go seachtrach araon

**ÉIFEACHTÚLACHT EACNAMAÍOCH**
Luach ar airgead a fháil ó chaiteachas pleanáilte agus iarbhír uile na gcistí poiblí

**RÉAMHGHNÍOMHACHT**
Cumas agus aclaíocht na heagraíochta chun déileáil leis an saol athraitheach ina mairimid agus chun athruithe amach anseo a réamh-mheas

**RIALACHAS LÁIDIR**
Prionsabail, próisis agus dearcthaí bunaithe ar thuiscint ar dhea-rialachas

**CLEACHTAIS INBHUANAITHE**
Gach gníomhaíocht a dhéanamh ar bhealach níos inbhuanaithe agus níos freagraí



"Roghnaigh mé BOO Chiarraí mar gheall ar na deiseanna fostaíochta a d'fhéadfadh sé a chur ar mo shúilibh dom."

## Sprioc 1: Barr Feabhais i Seirbhísí Breisoideachais agus Oiliúna

**Tuairisceoir Sprice**: Tá sé mar aidhm againn a chinntiú go leanfar le hathbhreithniú, dearadh, seachadadh agus tacaíocht leanúnach ar dheiseanna oideachais agus oiliúna ar cháilíocht dhearbhaithe chun freastal ar riachtanais foghlama ar feadh an tsaoil agus ar fud an tsaoil atá ag teacht chun cinn.

**Cuspóirí**:

Chun an cuspóir seo a bhaint amach, déanfaimid an méid seo a leanas:

a) Timpeallacht oideachais agus oiliúna iomlánaíoch a chruthú atá treoraithe ag guth na bhfoghlaimeoirí agus ag tabhairt go gníomhach ar rochtain do chách.
b) Treoir chuimsitheach a chur ar fáil do gach foghlaimeoir, ag tairiscint tacaíocht acadúil, fostaíochta agus phearsanta.
c) Deiseanna oideachais agus oiliúna atá inrochtana a chur ar fáil go forleathan i raon réimsí, cruthaitheacht agus ceol san áireamh.
d) Seachadadh freagrúil den scoth a chur ar fáil chun tacú leis an ngeilleagar áitiúil agus náisiúnta, agus ganntanais lucht saothair áitiúla agus náisiúnta á gcur san áireamh agus cláir a sholáthar chun an bhearna scileanna sin a chomhlíonadh ar an mbealach is fearr.
e) Ár n-oideachas agus ár n-oiliúint a leasú agus a fhorbairt de réir mar a thagann cineálacha nua cur chuige agus teicneolaíochtaí foghlama chun cinn.
f) Clár forbartha gairme a dhearadh agus a sheachadadh don fhoireann.
g) Taighde a dhéanamh agus athchóirithe oideachais amach anseo a chur i bhfeidhm i gcomhréir le beartas an rialtais agus dea-chleachtais idirnáisiúnta.
h) A chinntiú go seachadtar an clár caipitiúil tógála agus go bhfuil gach tionscadal nua deartha chun cloí le treoirlínte na Roinne agus na caighdeáin is airde maidir le héifeachtúlacht fuinnimh.

## Sprioc 2: Cultúr Eagraíochta atá Láidir, Ionchuimsitheach agus Measúil

**Tuairisceoir Sprice**: Tá sé mar aidhm againn a chinntiú go bhfuil ár struchtúir, ár bpróisis agus ár n-iompar mar bhonn agus taca ag timpeallacht atá sábháilte, tacúil agus ionchuimsitheach do gach duine, beag beann ar fhéiniúlacht, cúlra nó imthoisc.

**Cuspóirí**:

Chun an cuspóir seo a bhaint amach, déanfaimid an méid seo a leanas:

a) Iniúchadh cultúir ar fud na heagraíochta a dhéanamh agus gníomhú ar mholtaí.
b) Cultúr a chur chun cinn atá Ionchuimsitheach, neamh-idirdhealaitheach agus measúil ar chearta an duine agus ar chearta sibhialta.
c) A chinntiú go dtreoraíonn ár gcroíluachanna iompar na heagraíochta agus gurb iad an taithí saoil iad dár bpáirtithe leasmhara go léir.
d) Tacú lenár bhfoghlaimeoirí agus lenár bhfoireann trí rochtain ar sheirbhísí tacaíochta a neartú agus feasacht a ardú ina leith.
e) A chinntiú go gcuireann ár struchtúir ionchuimsiú chun cinn go gníomhach agus go gcuireann siad tacaíocht inrochtana agus chuí ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas.
f) Caidrimh níos láidre a chothú le gníomhaireachtaí réigiúnacha eile chun aghaidh a thabhairt go réamhghníomhach ar bhacainní ar an ionchuimsiú do dhaoine ar leith nó do ghrúpaí imeallaithe.
g) Obair chun freastal ar na riachtanais a éiríonn as Clár Cosanta Dídeanaithe na hÉireann



"Is anseo i gCiarraí a thosnaigh an turas foghlama domsa. Is dóigh liom gur fearr de dhuine mé tar éis a bheith i mbun foghlama anseo, agus cibé áit ina mbeidh mé as seo amach seasóidh sin domsa."

agus soláthar a dhéanamh d'iarratasóirí cosanta idirnáisiúnta.

h) Deiseanna a chruthú d'fhoghlaimeoirí agus do bhaill foirne rochtain a fháil ar dheiseanna oideachais agus oiliúna comhionannais, éagsúlachta agus ionchuimsitheachta.

## Sprioc 3: Deiseanna do Shineirgí Eagraíochta Níos Fearr

**Tuairisceoir Sprice**: Tá sé mar aidhm againn comhtháthú a neartú ar fud ár dtrí cholún ar bhealach pleanáilte agus straitéiseach, ag glacadh le cur chuige níos comhtháite agus aontaithe.

**Cuspóirí**:

Chun an cuspóir seo a bhaint amach, déanfaimid an méid seo a leanas:

a) Struchtúr a fhorbairt chun comhthuiscint a éascú ar fud thrí cholún na heagraíochta.

b) Deiseanna a chruthú le haghaidh comhar trascholún níos dlúithe chun sineirgí a neartú agus cuspóirí comhroinnte a chur chun cinn.

c) Comhtháthú níos fearr foirne bainistíochta agus grúpaí foirne a chinntiú ar fud na heagraíochta.

d) Barr feabhais a bhaint amach i seachadadh seirbhísí tacaíochta atá ailínithe go hiomlán leis an reachtaíocht.[5, 6]

e) Feidhm thiomanta taighde agus forbartha atá bunaithe ar fhianaise a bhunú chun tacú le cinnteoireacht.

f) Níos mó nascáil a bhunú chun seirbhísí óige a chomhtháthú le scoileanna agus FET.

g) Níos mó deiseanna a chruthú chun teagmháil a dhéanamh lenár bpáirtithe leasmhara go léir chun tuiscint níos fearr a fháil ar a gcuid riachtanas agus chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais agus ionchais ar leith.

## Sprioc 4: Ceannródaí sa Soláthar Oideachais agus Oiliúna

**Tuairisceoir Sprice**: Tá sé mar aidhm againn muid féin a bhunú mar cheannródaí i bhforbairt an oideachais agus na hoiliúna ag an leibhéal réigiúnach agus náisiúnta araon.

**Cuspóirí**:

Chun an cuspóir seo a bhaint amach, déanfaimid an méid seo a leanas:

a) Inrochtaineacht sheirbhísí tacaíochta an BOO a leathnú go réamhghníomhach do scoileanna agus d'ionaid nach BOO Chiarraí iad.

b) BOO Chiarraí a chur chun cinn mar phríomhfhostóir réigiúnach d'iarratasóirí poist ionchasacha.

c) Ceannaireacht nuálach a léiriú maidir le scileanna forbartha áitiúla agus náisiúnta amach anseo a aithint agus a sheachadadh mar fhreagairt ar threochtaí saothair áitiúla agus náisiúnta.

d) Caidrimh níos láidre a chothú le fostóirí sa réigiún trí Fhóram Fostóirí BOO Chiarraí a bhunú.

e) An dara Straitéis Inbhuanaitheachta BOO Chiarraí 2023-2025 a fhoilsiú agus

[5] Tá na seirbhísí tacaíochta a sholáthraíonn BOO leagtha amach in Alt 22 (9) d'Acht an BOO 2013, agus áirítear leo na nithe seo a leanas: talamh a shealbhú, a bhainistiú, a chothabháil nó a fhorbairt, bainistíocht tionscadal, cúnamh a thabhairt i ndáil le ceannach nó soláthar earraí agus seirbhísí, acmhainní daonna, seirbhísí airgeadais, seirbhísí dlí, teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide, agus rialachas corparáideach.

[6] Tá an tAcht um Ghníomhú ar son na hAeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú) 2021 mar bhonn agus taca dlíthiúil le gníomhú ar son na haeráide san earnáil phoiblí. Éilíonn sé ar gach comhlacht poiblí a bhfeidhmeanna a chomhlíonadh ar bhealach atá comhsheasmhach le huaillmhianta aeráide an Rialtais.

feidhm tacaíochta inbhuanaitheachta a bhunú chun aghaidh a thabhairt ar chúrsaí inbhuanaitheachta.

f) Tógáil ar na caidrimh atá ann cheana féin leis na pobail áitiúla Gaeltachta agus na pobail atá lasmuigh den Ghaeltacht, chun tacú le húsáid na Gaeilge mar theanga bheo.

g) Gnáthdheiseanna Eorpacha agus idirnáisiúnta a chothú agus a fhorbairt d'fhoghlaimeoirí agus don fhoireann.

h) Caidrimh atá ann a neartú agus caidrimh nua a thógáil le ranna rialtais, maoinitheoirí, BOO, ollscoileanna, eagraíochtaí pobail agus soláthraithe oideachais agus oiliúna eile.

## Sprioc 5: Cumarsáid, Feasacht Branda agus Comhthuiscint ar BOO Chiarraí

**Tuairisceoir Sprice**: Tá sé mar aidhm againn BOO Chiarraí a fhorbairt ina bhranda aitheanta a bhfuil cumarsáid ardchaighdeáin le páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha mar bhonn taca leis.

**Cuspóirí**:

Chun an cuspóir seo a bhaint amach, déanfaimid an méid seo a leanas:

a) BOO Chiarraí a chur chun cinn mar an soláthraí oideachais agus oiliúna is fearr i gCiarraí.

b) Aistriú ó shamhail chumarsáide ilroinnte go feidhm chumarsáide atá lánacmhainneach agus tiomnaithe do BOO Chiarraí.

c) Branda nua BOO Chiarraí a mhúnlú agus a sheoladh, chun feasacht a fheabhsú agus aird a tharraingt ar an raon seirbhísí oideachais agus oiliúna atá ar fáil do gach cohórt foghlaimeoirí.

d) Cumarsáid le páirtithe leasmhara inmheánacha a fheabhsú ar bhealach struchtúrtha.

e) Cumarsáid le páirtithe leasmhara seachtracha a fheabhsú ar bhealach struchtúrtha.

f)A chinntiú go bhfuil gach foilseachán ábhair de chuid BOO Chiarraí ar fáil go forleathan, inrochtana agus go dtuigfear iad.

g) Deiseanna a uasmhéadú chun ár gcultúr agus ár gcroíluachanna a chur in iúl do phobail inmheánacha agus sheachtracha.

h) Tacú leis an mbainistíocht agus leis an bhfoireann a bheith ina gcumarsáidithe an-tábhachtach.



# Cur chun Feidhme agus Monatóireacht

## Tuarascálacha Cur chun Feidhme

Éilíonn cur chun feidhme éifeachtach straitéise próiseas leanúnach chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht agus oiriúnú d'athruithe i dtimpeallachtaí inmheánacha agus seachtracha araon. Mar chuid den phróiseas forbartha, cuireadh seisiúin idirphlé straitéiseacha i gcrích leis an mbainistíocht agus leis an bhfoireann, agus dréachtaíodh teimpléad tuairiscithe ardleibhéil ón todhchaí aniar. Chun ár bhfeidhmíocht a thomhas sna cúig bliana amach romhainn, bainfimid úsáid as an tuarascáil chuimsitheach seo ón todhchaí aniar, ina dtugtar breac-chuntas ar phríomhghníomhaíochtaí aitheanta na bainistíochta agus ar na hacmhainní is gá chun ár gcuspóirí a bhaint amach. Mar sin féin, is bunriachtanas é go n-aithnítear gur próiseas leanúnach í an phleanáil straitéiseach, agus ní mór dúinn fanacht aclaí agus inoiriúnaithe d'athruithe a d'fhéadfadh teacht chun cinn amach anseo.



"Tuigim anois gur féidir liom cabhair agus tacaíocht a lorg ar mo shuaimhneas. Cuireann sin barr feabhais ar mo chuid foghlama agus ar mo chuid oibre acadúla."

Dá bhrí sin, déanfaimid monatóireacht leanúnach ar ár bhfeidhmíocht i gcoinne ár spriocanna agus ár gcuspóirí seanbhunaithe, agus athbhreithniú tráthrialta á dhéanamh ar ár straitéisí chun a chinntiú go bhfanfaidh siad ábhartha agus éifeachtach. Is trí fheidhmiú an mhéid sin a bheimid in ann freagairt níos fearr d'athruithe inár dtimpeallachtaí inmheánacha agus seachtracha agus ár spriocanna fadtéarmacha a bhaint amach ar deireadh thiar.

Beidh sainaithint na mbeart feidhmíochta bliantúil sin mar chuid de phlean seirbhíse bliantúil BOO Chiarraí faoi bhráid na roinne, de réir Alt 47 d'Acht BOO 2013, agus tabharfar aghaidh ar mheastóireacht ar fheidhmíocht sa tuarascáil bhliantúil (de réir Alt 28, Acht BOO 2013). Cinnteofar leis an bpróiseas pleanála straitéisí bliantúil sin go mbeidh ár gcuspóirí agus ár ngníomhartha ag teacht le spriocanna straitéiseacha agus acmhainní airgeadais na heagraíochta.



Is colúin bhunúsacha iad ár dtéamaí straitéiseacha, ár gceannaireacht oiriúnaitheach, ár ngníomhú ar son na haeráide, ár gcruthaitheacht, ár n-éifeachtúlacht eacnamaíoch, ár bhfreagrúlacht agus ár rialachas láidir, lena dtreorófar ár gcomhaltaí boird, ár bhfoireann agus ár bpáirtithe leasmhara sna cúig bliana amach romhainn. Beidh an próiseas chun a chinntiú go bhfíoraítear na téamaí seo agus spriocanna na straitéise i measc páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha mar bhonn taca taobh thiar de chur chun feidhme an doiciméid seo.

Chun a chinntiú go gcomhlíonfaimid ár mbearta feidhmíochta ar ardchaighdeán, comhoibreoidh an Bord agus an fhoireann feidhmiúcháin go dlúth lenár bpríomh-mhaoinitheoirí. Táimid tiomanta do mhonatóireacht a dhéanamh ar ár ndul chun cinn agus coigeartuithe riachtanacha a dhéanamh chun ár gcuspóirí straitéiseacha a bhaint amach go héifeachtach agus go comhoibríoch mar eagraíocht aonair.

Leanfaimid orainn ag obair go réamhghníomhach leis na Ranna agus leis na maoinitheoirí chun an straitéis seo a chur chun feidhme go rathúil, rud a thabharfaidh fíoréifeacht don bheartas náisiúnta ar an leibhéal áitiúil. Tá cur chun feidhme rathúil na straitéise nasctha go díreach le hacmhainní leordhóthanacha i dtéarmaí buiséid athfhillteacha agus, i gcás inar gá, infheistíocht chaipitil mar aon leis na hacmhainní foirne is gá chun tacú leis an athchóiriú uaillmhianach reatha laistigh den earnáil.

## Doiciméid Straitéiseacha Tacaíochta Eile

Dírítear Ráiteas Straitéise BOO Chiarraí 2023-2027 ar na príomhspriocanna agus na príomhchuspóirí a roinntear ar fud na heagraíochta don tréimhse tuairiscithe. Chun go mbeidh ár n-eagraíocht in ann iomláine ár gcuspóirí a uasmhéadú, tá sé tábhachtach aitheantas a thabhairt don tábhacht a bhaineann lenár straitéisí/bpleananna tacaíochta eile. Beidh ról ríthábhachtach ag gach ceann de na doiciméid a leanas chun cabhrú linn ár misean foriomlána a bhaint amach:

- Scéim Teanga
- Straitéis Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide
- Straitéis Inbhuanaitheachta (Plean um Ghníomhú ar son na hAeráide san áireamh)
- Plean Forbartha Obair don Aos Óg

Tá tuarascáil forfheidhmithe a chuirtear faoi bhráid an fheidhmeannais gach bliain chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht mar bhonn agus mar thaca faoi chur chun feidhme na ndoiciméad seo.



# Aguisín I: Comhaltaí Boird agus Feidhmiúcháin

## Bord BOO Chiarraí 2023

An Clr. Aoife Thornton
An Clr Cathal Foley
An Clr Deirdre Ferris
An Clr Fionnán Fitzgerald
An Clr Jim Finucane (An Cathaoirleach)
An Clr Johnnie Wall
An Clr Marie Moloney
An Clr Maura Healy-Rae
An Clr Michael Cahill
An Clr Niall O'Callaghan
An Clr Norma Moriarty
An Clr. Terry O'Brien (Leaschathaoirleach)
Celia O'Shea, Uasal
Joan McCrohan, Uasal
An tUas. John O'Roarke
An tUas. Joseph Brennan
Maria O'Gorman, Uasal
An tUas. Niall Lucey
Tara Donoghue, Uasal
An tUas. Tim Daly
An tUas. Zaid Kassoob

## Feidhmeannas BOO Chiarraí 202

Gabhaim buíochas leis an mbainistíocht agus leis an bhfoireann a leanas as a dtacaíocht sa phróiseas forbartha straitéise:

Aileen O'Connor, Uasal
Ann O'Dwyer, Uasal
Anne O'Connor, Uasal
Ann Marie Killen, Uasal
Aoidhnait Carroll, Uasal
Aoife McCormack, Uasal
Betty Corkey, Uasal
Brenda Kelly, Uasal
Carmel Kelly, Uasal
An tUas. Cathal Fitzgerald
Catherine Barry, Uasal
Catherine Dineen, Uasal
Catherine Horgan, Uasal
An tUas. Colm McEvoy
An tUas. Con O'Sullivan
An tUas. Conall Ó Cruadhlaoich
An tUas. Danny Kerins
Deirdre Enright, Uasal
Deirdre Johnson, Uasal
An tUas. Donal Rooney
An tUas. Edward O'Connor
An tUas. Edward O'Neill
Eilish O'Leary, Uasal
Elaine O'Connor, Uasal
Fiona O'Brien, Uasal
Heather Shanahan, Uasal
Helen O'Mahony, Uasal
An tUas. Ioseph Nestor
Iseult Glynn, Uasal
An tUas. Jeremy Wrenn
An tUas. John Skinner
An tUas. John Herlihy
Karen O'Connor, Uasal
Karen Griffin, Uasal
An tUas. Kevin Fay
An tUas. Kevin O'Mahony
An tUas. Liam McGill
Máire de Cogáin, Uasal
Máiréad Corridon, Uasal
Maria Brennan, Uasal
Mary O'Sullivan, Uasal
An tUas. Maurice Fitzgerald
Mollie Burke, Uasal
Niamh Dowling, Uasal
Nicola Horan, Uasal
An tUas. Owen O'Donnell
An tUas. Pádraig Ó Súilleabháin
An tUas. Pat O'Sullivan
An tUas. Paudie Fleming
An tUas. Ruairí Ó Cinnéide
An tUas. Seamus Whitty
Sharon Browne, Uasal
Shivaun Shanahan, Uasal
Sorcha Ní Chatháin, Uasal
Stella Loughnane, Uasal
An tUas. Stephen Goulding
An tUas. Tadhg Flynn
Teresa Bulfin, Uasal
Teresa Lonergan, Uasal
An tUas. Tommy Conroy
Trisha Tierney, Uasal
Vera Kerrisk, Uasal
Yvonne Cronin, Uasal

Le tacaíocht ó:
Mary Kiernan, Uasal; Muireann Kelliher, Uasal; Tessa Dennison, Uasal; agus an tUas. Ted Owens

# Foscríbhinn II: Fochoistí Boird

## Coistí Alt 44 BOO Chiarraí

**Boird Bhainistíochta**
Scoil Náisiúnta Phobail an Dá Mhíle
Scoil Náisiúnta Phobail Thathuile
Scoil an Ghleanna
Coláiste Pobail Oileán Chiarraí
Scoil Chuimsitheach an Tóchair
Coláiste Ghleann Lí
Coláiste na Ríochta
Coláiste na Sceilge
Gaelcholáiste Chiarraí
Coláiste Pobail Chill Áirne
Coláiste Pobail Chill Orglan
Ógtheagmháil

**Boird Rialachais**
Ionaid Bhreisoideachais agus Oiliúna
Coláiste Breisoideachais agus Oiliúna Chiarraí

**Coistí**
Obair don Aos Óg
Music Generation
Caipiteal agus Foirgneamh

## Coistí Alt 45 BOO Chiarraí

An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca
An Coiste Airgeadais

# Foscríbhinn III: Gluais na dTéarmaí

| | |
|---|---|
| **CLR** | Comhairleoir |
| **RLCMLÓ** | An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige |
| **RO** | An Roinn Oideachais |
| **RBAONTE** | An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachas, Nuálaíochta, Taighde agus Eolaíochta |
| **BOO** | Bord Oideachais agus Oiliúna |
| **BOO** | Breisoideachas agus Oiliúint |
| **TFC** | An Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide |
| **T&FE** | Tacaíocht agus Forbairt Eagraíochta |
| **IAT** | Iar-Ardteistiméireacht |
| **OCG** | Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta |
| **OSPS** | An tOideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte |
| **SÓ&C** | Scoileanna, Óige agus Ceol |

# Aguisín IV: Spriocanna na hEarnála Poiblí um Ghníomhú ar son na hAeráide 2030

Leagtar amach i Sainordú na hEarnála Poiblí um Ghníomhú ar son na hAeráide 2022 tacaíocht a thabhairt do chomhlachtaí san earnáil phoiblí atá ina n-eiseamláir maidir le gníomhú ar son na haeráide. Is mar a leanas iad na spriocanna atá sna áireamh sa phlean:

**Ár Spriocanna**

- Astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú 51% in 2030
- An feabhas ar éifeachtúlacht fuinnimh san earnáil phoiblí a mhéadú ón sprioc 33% in 2020 go 50% faoi 2030
- Plean um Ghníomhú ar son na hAeráide a chur i dtoll a chéile

**Ár nDaoine**

- Foirne Glasa a bhunú agus acmhainní a chur ar fáil dóibh, a thuairiscíonn don bhainistíocht shinsearach, le bheith ina bpáirtithe comhtháite taobh thiar den inbhuanaitheacht i ngach comhlacht na hearnála poiblí
- Comhalta den Bhord Bainistíochta a ainmniú mar Churadh Aeráide agus Inbhuanaitheachta a bheidh freagrach as an Sainordú a chur chun feidhme agus as tuairisciú air
- Oiliúint iomchuí um ghníomhú ar son na haeráide agus inbhuanaitheacht (oiliúint theicniúil agus iompraíochta) a ionchorprú i straitéisí foghlama agus forbartha don fhoireann
- Ceardlanna foirne a eagrú (uair amháin sa bhliain ar a laghad) chun dul i ngleic le fadhbanna aeráide, lena n-áirítear fócas ar lorg carbóin na heagraíochta a laghdú

**Ár Modh Oibre**

- Tuairisc a thabhairt ar astaíochtaí gás ceaptha teasa agus gníomhaíochtaí inbhuanaitheachta sa tuarascáil bhliantúil
- Athbhreithniú a dhéanamh ar aon phróisis pháipéarbhunaithe, agus meastóireacht a dhéanamh ar na féidearthachtaí maidir le digitiú ionas go mbeidh sé mar an cur chuige réamhshocraithe
- Creidiúnú foirmiúil comhshaoil a bhaint amach do chomhlachtaí móra san earnáil phoiblí, amhail ISO 50001 (Caighdeán Bainistíochta Fuinnimh) nó ISO 14001 (Córas Bainistíochta Comhshaoil)

**Ár bhFoirgnimh agus Feithiclí**

- Foirgnimh atá oiriúnach do rothair a chruthú d'fhostaithe agus do chuairteoirí, trí rotharchlós a bhunú faoi 2022 – atá slán, inrochtana agus simplí do rothaithe lena aithint agus le húsáid a bhaint as
- Deimhniú Fuinnimh Taispeána cothrom le dáta a thaispeáint i ngach foirgneamh poiblí atá ar oscailt don phobal chun ídiú fuinnimh a thaispeáint go soiléir
- Ní dhéanfaidh an earnáil phoiblí córais téimh a shuiteáil a ídíonn breoslaí iontaise tar éis 2023, ach amháin má tá feidhm ag ceann amháin ar a laghad de na heisceachtaí a leanas:
    - o ní úsáidtear an breosla iontaise ach amháin trí ídiú leictreachais ón eangach
    - o níl aon rogha neamh-iontaise ann atá inmharthana go teicniúil (go ginearálta ní bhaineann sé ach le leasanna chun críche seachas téamh spáis)
    - o trí chóras téimh spáis in-athnuaite a shuiteáil, mhéadófaí astaíochtaí CO2 deiridh
    - o cuirtear an t-ídiú breosla iontaise ar fáil chun críocha cúltaca, buaicéilimh nó oibríochtúla (agus is ionann í agus níos lú ná 10% d'fhuinneamh téimh bliantúil)
    - o i gcás ina bhfuil gá le hathsholáthar díreach ar théamh breosla iontaise atá ann cheana chun críche cothabhála éigeandála
- Gan ach feithiclí astaíochtaí nialasacha a cheannach i gcás inarb infhaighte agus inarb indéanta ar bhonn oibríochtúil ó dheireadh 2022, rud a chuirfidh ar chumas d'Éirinn dul thar cheanglais na Treorach um Fheithiclí Glana agus gníomhú mar cheannaire idirnáisiúnta sa réimse sin.

# Aguisín V: Réimsí Freagrachta

**Scoileanna Náisiúnta Pobail**
- Scoil an Ghleanna Pobal Scoil Náisiúnta
- Pobalscoil Náisiúnta Thathuile
- Pobalscoil Náisiúnta an Dá Mhíle

**Iar-Bhunscoileanna**
- Coláiste Pobail Oileán Ciarraí
- Scoil Chuimsitheach an Tóchair
- Coláiste Gleann Lí
- Coláiste na Ríochta
- Coláiste na Sceilge
- Gaelcholáiste Chiarraí
- •Coláiste Pobail Chill Airne
- Coláiste Pobail Chill Orglan

**Oifig Óige**
- Comhpháirtíocht Áitiúil Óige Cruthaitheach Chiarraí
- Music Generation Kerry

**Coláiste Breisoideachais agus Oiliúna Chiarraí**
- Coláiste Chiarraí, Oifig Iontrála Thrá Lí
- Coláiste Chiarraí, Oifig Iontrála Chill Áirne
- Coláiste Chiarraí, Campas Bhóthar na Claise
- Coláiste Chiarraí, Campas Shráid Deiní
- Coláiste Chiarraí, Campas Lios Tuathail
- Coláiste Chiarraí, Campas Mhóin an Bhaile
- Coláiste Chiarraí, Campas Chill Orgla
- Clár Pathways:
  - Cill Áirne
  - Cill Orglan
  - Lios Tuathail
  - Trá Lí
- Aonaid:
  - An tAonad Tacaíochta do Ghnóthaí
  - An tAonad Tacaíochta Foghlaimeora

**Breisoideachas agus Oiliúint**
- Ionad Breisoideachais agus Oiliúna an Tóchair
- Ionad Breisoideachais agus Oiliúna an Daingin
- Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Neidín
- Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Uí Chonaill
- Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Tech Amergin

**Litearthacht Daoine Fásta agus Oideachas Bunúsach**
- Ionad Litearthachta agus Bunoideachais Aosaigh Oileán Ciarraí
- Ionad Bunoideachais agus Bunoideachais Chathair Saidhbhín
- Ionad Bunoideachais agus Litearthachta an Daingin
- Lárionad Bunoideachais agus Bunoideachais an Neidín
- Ionad Bunoideachais agus Litearthachta Chill Áirne
- Ionad Bunoideachais agus Litearthachta Chill Orglan
- Ionad Litearthachta agus Bunoideachais Aosaigh Lios Tuathail
- Ionad Bunoideachais agus Litearthachta Aosaigh Thrá Lí

**Ógtheagmháil**
- Ógtheagmháil Chill Airne
- Ógtheagmháil Lios Tuathail
- Ógtheagmháil na hArdteiste Feidhmí Thrá Lí
- Ógtheagmháil Trá Lí

**Oideachas Pobail**

**An Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas**

**Dearbhú Cáilíochta**

**Ranna na Ceannoifige**

- An Rannóg Corparáide, Caipitil & Teicneolaíochta
- Acmhainní Daonna
- Airgeadas
- Aonaid:
  - An tAonad Iniúchta agus Comhlíonta
  - Aonad Láraithe Soláthair agus Ceannaigh
  - Aonad Tacaíochta Feidhmiúcháin
  - Aonad Gaeilge

**Ionad Spóirt**

Ionad Réigiúnach Fóillíochta & Spóirt Thrá Lí